Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Aibreán 2019
(OR. en)

8754/19

JEUN 62
SOC 329
EMPL 244
EDUC 220
SUSTDEV 73
DIGIT 84

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8658/1/19 REV1 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí maidir le Daoine Óga agus Todhchaí na hOibre – Glacadh |

Gheobhaidh toscaireachtaí i gceangal leis seo téacs na ndréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le daoine óga agus todhchaí na hoibre mar a comhaontaíodh é ag cruinniú den Mheitheal um an Óige ar an 16 Aibreán 2019.

Iarrtar dá réir sin ar Choiste na mBuanionadaithe an comhaontú ar a dtángthas ag an gcruinniú den Mheitheal um an Óige maidir leis an téacs atá i gceangal a dhaingniú agus a chur ar aghaidh go dtí an Chomhairle (EYCS ar an 22-23 Bealtaine 2019) lena ghlacadh agus lena fhoilsiú ina dhiaidh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**

## Daoine óga agus todhchaí na hoibre
## - Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle -

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

*DE BHARR AN MHÉID SEO A LEANAS*

1. Aithnítear i Straitéis an Aontais Eorpaigh i leith na hÓige 2019-2027 gurb iad na daoine óga féin ailtirí a saoil, go spreagann siad athruithe dearfacha sa tsochaí agus go saibhríonn siad uaillmhianta an Aontais, agus gur féidir le beartas óige spás a chruthú ina mbeidh daoine óga in ann deiseanna a thapú agus bá a bheith acu le luachanna Eorpacha. Agus tírdhreach na fostaíochta ag athrú, ba cheart don Aontas Eorpach tacú le forbairt phearsanta daoine óga agus lena bhfás chun neamhspleáchais, a n-athléimneacht a fhorbairt agus na hacmhainní a thabhairt dóibh a theastaíonn le bheith rannpháirteach sa tsochaí agus, ar an gcuma sin, deireadh a chur leis an mbochtaineacht i measc na n-óg agus leis an uile chineál idirdhealaithe, agus an cuimsiú sóisialta a chur chun cinn.

2. Téarma is ea "todhchaí na hoibre" a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an éabhlóid a thiocfaidh ar phoist sa mheántéarma go dtí an fadtéarma faoi thionchar treochtaí áirithe. I gcomhthéacs na héagsúlachta i measc aos óg an Aontais, seo a leanas cuid de na rudaí a stiúrfaidh "todhchaí na hoibre":

a) An t-athrú déimeagrafach, sa mhéid go gcuirfidh an cóimheas seanaoise is cleithiúnais eacnamaíoch, atá ag fás san Aontas, brú chun leibhéil táirgiúlachta iadsan a thiocfaidh isteach sa mhargadh saothair a ardú mar chúiteamh ar imeacht ar scor fórsa saothair, a bhfuil taithí acu, agus chun rannchuidiú leis na caiteachais mhéadaithe shóisialta a thiocfaidh as daonra níos líonmhaire seandaoine a bheith ann. Cé go gcruthófar de thoradh na n-éabhlóidí sin deiseanna sa gheilleagar cúraim, beidh gá freisin le hidirphlé ar shaincheisteanna a bhaineann le cothroime idirghlúine.

b) A bhuí leis an dul chun cinn teicneolaíochta agus nuálaíochta, le tacaíocht freisin ó Mhargadh Aonair Digiteach an Aontais agus tionscnaimh thaighde agus forbartha, meastar go méadófar ar an úsáid a bhainfear as an teicneolaíocht dhigiteach sa gheilleagar agus go rachaidh poist áirithe as feidhm, fad is a chruthófar deiseanna fostaíochta i réimsí eile den gheilleagar. D'fhonn leas a bhaint as claochluithe den sórt sin, ní mór rochtain a bheith ag gach Eorpach óg, lena n-áirítear iadsan ar lú a ndeiseanna, ar oideachas ionchuimsitheach ar ardchaighdeán, idir oideachas foirmiúil agus neamhfhoirmiúil, a chuirfidh feabhas ar a raon iomlán scileanna.

c) Éileamh ar ardscileanna sa mhargadh saothair. Cheana féin, tá deacrachtaí ag fostóirí folúntais a líonadh i gcás poist ardleibhéil agus mheánleibhéil, fad is atá a thrí oiread níos mó daoine ar bheagán oiliúna san fhórsa saothair ná an líon post atá ar fáil i ngairmeacha bunúsacha[1]. Ós rud é go bhfuil an t-éileamh ar oibrithe ar bheagán oiliúna ag meath a thuilleadh, ar leibhéil éagsúla ar fud na mBallstát, daoine óga a bheidh ag dul isteach sa mhargadh saothair den chéad uair, caithfidh leibhéil oideachais agus oiliúna níos airde a bheith acu a thabharfaidh na hinniúlachtaí lárnacha don fhoghlaim ar feadh an tsaoil dóibh chomh maith le scileanna sonracha digiteacha, gairmiúla agus pearsanta a thacóidh leo lena ngairmeacha éagsúla amach anseo a bhainistiú.

d) An gá atá le dul i ngleic leis an athrú aeráide, lena bhféadfadh uaillmhianta an Aontais gluaiseacht i dtreo geilleagar iomaíoch ísealcharbóin éileamh breise a ghiniúint sa mhargadh saothair ar scileanna atá de dhíth in earnálacha amhail fuinneamh inathnuaite, tógáil agus aisfheistiú atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de nó talmhaíocht inbhuanaithe.

e) Méadú ar shlabhraí luacha domhanda nuair a scaiptear táirgeadh earraí agus seirbhísí ar fud na n-ilchríoch. Éascaítear an próiseas a thuilleadh le teacht chun cinn cineálacha nua fostaíochta amhail iadsan a tugadh isteach leis an ngeilleagar ardán agus a imríonn tionchar ar an gcaidreamh traidisiúnta idir an fostóir agus an fostaí, agus ar éabhlóid an mhargaidh saothair agus ar an reachtaíocht fostaíochta. Ní mór aghaidh a thabhairt ar dhúshláin amhail éiginnteacht ó thaobh ioncaim de, easpa cosanta sóisialta, bochtaineacht lucht oibre, dálaí oibre forbhásacha agus ciapadh san ionad oibre.

---

1 *Eurostat (2018) EU Labour Force Survey* [Eurostat (2018) Suirbhé ar Fhórsa Saothair an Aontais].

3. Bíonn claonadh ag daoine óga san Aontas Eorpach eagla nó amhras a bheith orthu agus iad ag féachaint ar an saol oibre amach rompu[2]. Is féidir le crá den sórt sin, go háirithe in éineacht le diúltú poist, saincheisteanna maidir le cáilíocht meaitseála poist, obair fhorbhásach nó brú sóisialta post a aimsiú nó a choinneáil, drochthionchar a imirt ar staid mhothúchánach daoine óga, agus d'fhéadfadh freisin saincheisteanna meabhairshláinte agus sláinte coirp nó breis imní eascairt as i measc Eorpaigh óga[3].

4. Leis na cineálacha nua fostaíochta atá inniu ann, léirítear go bhféadfadh ardú teacht amach anseo ar chonarthaí níos solúbtha a dhéanamh le hoibrithe, le héifeachtaí dearfacha ar dháileadh an lucht saothair agus folláine phearsanta iadsan a ghlacann nós maireachtála an tsaoroibrí. Os a choinne sin, cé gur daoine óga is mó a thógann na poist sin, go háirithe iadsan ar lú a ndeiseanna, tá baol níos mó ann go mbeidh siad teanntaithe i bpoist ísealioncaim shealadacha, gan mórán cumhdach cosanta sóisialaí agus gan ach seans beag ar dhul chun cinn gairme.

5. Is cabhair iad foras daingean scileanna agus treoir iomchuí in éineacht le faisnéis ardchaighdeáin maidir le scileanna a theastaíonn ón margadh fostaíochta agus córais oideachais agus oiliúna atá inoiriúnaithe agus freagrach d'éileamh, lena n-áirítear an fhoghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn, chun go n-éireoidh le daoine óga aistrithe ráthúla a dhéanamh isteach sa mhargadh saothair agus laistigh de agus gairmeacha beatha fiúntacha a thógáil.

6. I gcomhthéacs foras cognaíoch daingean a áirithiú, beidh sé ina réamhriachtanas sa suíomh oibre sa todhchaí foirmiú scileanna a chur chun cinn a chothóidh úsáid éifeachtach na teicneolaíochta agus tuiscint uirthi. Ba cheart na scileanna a bheith dírithe ní hamháin ar mháistreacht a fháil ar theicneolaíochtaí nua ach ar an gcaoi ar féidir leo cabhrú chun tionchar a imirt ar an tsochaí freisin. Agus iad ag cur lena gcumais d'fhonn tairbhe a bhaint go héifeachtach as cineál athraitheach na hoibre, ba cheart na hinniúlachtaí lárnacha a thabhairt d'Eorpaigh óga freisin a bhaineann le scileanna boga agus a bhaineann *inter alia* le réiteach fadhbanna, cumarsáid, scileanna fiontraíochta, smaointeoireacht chriticiúil, smaointeoireacht chruthaitheach, féinláithriú, féinléiriú agus idirbheartaíocht.

---

2 *International Labour Organisation* (2018), *Addressing the situation and aspirations of youth, Prepared for the 2nd Meeting of the Global Commission on the Future of Work* [an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (2018), Aghaidh a thabhairt ar staid agus uaillmhianta an aosa óig, Doiciméad arna ullmhú don 2ú Cruinniú den Choimisiún Domhanda um Thodhchaí na hOibre].

3 *Structured Dialogue Cycle VI Thematic report on Youth Goal no. 5 Mental Health and Wellbeing* (2018) [An Séú Timthriall Idirphlé Struchtúrtha, Tuarascáil Théamach maidir le Sprioc Uimh. 5 don Óige , Meabhairshláinte agus Folláine (2018)].

7. Le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, bunaítear "*an ceart ag cách ar chúnamh tráthúil saincheaptha chun deiseanna ionchasacha fostaíochta nó féinfhostaíochta a fheabhsú. Cuimsíonn sin an ceart chun tacaíocht a fháil don chuardach fostaíochta, don oiliúint agus chun cáilíochtaí nua a bhaint amach. Tá an ceart ag cách teidlíochtaí cosanta sóisialta agus teidlíochtaí oiliúna a aistriú agus iad a aistriú ó phost amháin go post eile*" agus, ina theannta sin, "*tá an ceart ag oibrithe cóir chothrom chomhionann a fháil i dtaca le dálaí oibre, rochtain ar chosaint shóisialta agus oiliúint*". Agus iad á n-ullmhú don obair sa todhchaí, beidh sé ríthábhachtach go bhfuil "*an ceart ag daoine óga ar oideachas leanúnach, printíseacht, tréimhse oiliúna nó tairiscint fhiúntach poist a fháil faoi cheann 4 mhí ó bheith dífhostaithe nó ón oideachas a fhágáil*"[4].

8. Rinneadh tuairimí agus fís aos óg na hEorpa i leith saincheisteanna a bhaineann leis an obair, mar a léirítear iad sna Spriocanna Eorpacha don Aos Óg, go háirithe in Uimh. 7 de, eadhon "Fostaíocht ar Ardcháilíocht do Chách", a chomhtháthú i Straitéis AE i leith na hÓige 2019-2027 agus an Plean Oibre do 2019-2021 a ghabhann léi.

*CUIREANN SÍ AN MÉID SEO A LEANAS I dTREIS*

9. Rachaidh na glúine d'Eorpaigh óga amach anseo isteach i dtírdhreach oibre a bheidh lán de dheiseanna agus de dhúshláin, i gcomhthéacs domhanda ina mbeidh tréaniarracht á déanamh ag an Aontas cáilíocht saoil a shaoránach a fheabhsú agus, ar gcuma sin, a iomaíochas eacnamaíoch, a tháirgiúlacht oibre agus scileanna a lucht saothair a fheabhsú, agus a áirithiú gur féidir spriocanna, ionchais agus uaillmhianta daoine óga a bhaint amach.

10. Is féidir le cineál athraitheach na hoibre tionchar dearfach a imirt ar shaol Eorpach óg agus na nglún atá le teacht. Ag an am céanna, is gá dul i ngleic leis na hábhair amhrais agus impleachtaí ábhartha – a bhaineann *inter alia* le cineálacha fostaíochta agus stádas fostaíochta – a ghabhann le claochluithe den sórt sin, go háirithe maidir le daoine óga ar lú a ndeiseanna agus a d'fhéadfadh a bheith ar bheagán oiliúna. Sa chomhthéacs sin, is gá an fhaisnéis agus an fheasacht i measc daoine óga a mhéadú maidir leis na himpleachtaí atá ag cineálacha éagsúla fostaíochta agus stádais fostaíochta.

---

[4] Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, Caibidil I, Prionsabal 4 (Tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht) https://ec.europa.eu/commission/priorities/deeper-and-fairer-economic-and-monetary-union/european-pillar-social-rights/european-pillar-social-rights-20-principles_en . Shínigh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Colún Eorpach na gCeart Sóisialta ar an 17 Samhain 2017 ag an gCruinniú Mullaigh Sóisialta do Phoist Chóra agus d'Fhás, in Göteborg, an tSualainn.

11. Measann Eorpaigh óga gur cheart go mbeadh an fhostaíocht ar cheann de na trí thosaíocht is mó ag an Aontas agus ar cheann de na réimsí inar gá don Aontas gníomhú d'fhonn daoine óga a spreagadh chun dlúthpháirtíocht a léiriú[5]. Léiríonn an méid sin an claonadh atá ag daoine óga cur chuige daonlárnach a ghlacadh maidir lena saol gairmiúil amach anseo.

12. Ba cheart go gcruthófaí leis an gcéad phost na boinn le haghaidh gairm fhiúntach a chothóidh soghluaisteacht shóisialta aníos, go háirithe do dhaoine ar lú a ndeiseanna, lena n-áirítear daoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta nó oiliúna (NEETanna). I gcomhréir le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, go háirithe Sprioc Forbartha Inbhuanaithe Uimh. 8, agus Sprioc Uimh. 7 don Aos Óg, ba cheart caitheamh le hobair chuibhiúil mar uaillmhian dhlisteanach ag daoine óga, a thosaíonn lena gcéad taithí ar ghairm le luach saothair.

13. Meastar go mbeidh luathfhágálaithe scoile agus daoine óga ar bheagán oideachais fós leochaileach i gcomhthéacs na hoibre sa todhchaí toisc go meastar go méadófar ar na héagothromaíochtaí tuarastail idir baill den lucht saothair ar bheagán oiliúna agus iadsan ar mheánoiliúint nó ardoiliúint, rud a d'fhéadfadh dúshláin a ghiniúint maidir le bochtaineacht lucht oibre. Cé go bhfuil a líon ag titim[6], tá NEETanna fós an-leochaileach agus leanfar de chúnamh a thabhairt dóibh faoin Ráthaíocht don Aos Óg[7]. Dóibhsean nach ndéantar freastal orthu, ba cheart, de bhíthin conairí uas-scilithe[8], deiseanna eile a bheith acu chun borradh a chur faoina mbunscileanna agus chun iad a chur i dtreo na gcáilíochtaí a bhfuil éileamh ag an margadh saothair orthu.

14. Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go mbeidh aistrithe réidhe ón láthair scoile go dtí an láthair oibre agus ó phost go post, mar aon le fostaíocht a éascú do dhaoine óga, lena n-airítear le linn tréimhsí gan phost, chun aon mháchail ar a ngairm oibre a sheachaint[9]**.**

---

5 *Flash Barometer 455 on European Youth (2018)*, suirbhé a rinne "TNS political & social" ar a iarraidh sin ag an gCoimisiún Eorpach, an Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr

6 Tá laghdú tagtha ar ráta NEET dóibhsean atá 15-29 mbliana d'aois ón ráta ba mhó riamh de 15.9 % in 2012, go 13.4 % in 2017, de réir Eurostat *(Sustainable Development in the European Union: Eurostat 2018 Monitoring report on progress towards the SDG's in an EU context)*[Forbairt Inbhuanaithe san Aontas Eorpach: Eurostat 2018 Tuarascáil faireacháin ar dhul chun cinn i dtreo SDGanna i gcomhthéacs an Aontais]

7 Moladh ón gComhairle an 22 Aibreán 2013 maidir le Ráthaíocht don Aos Óg a bhunú (IO C 120, 26.4.2013, lch. 1)

8 Moladh ón gComhairle an 19 Nollaig 2016 maidir le conairí uas-scilithe: Deiseanna Nua do Dhaoine Fásta (IO C 484, 24.12.2016, lch. 1)

9 *Eurofound (2017), Long-term unemployed youth: Characteristics and policy responses* [Dífhostaíocht fhadtéarmach i measc na hóige: Saintréithe agus freagairtí beartais], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

15. Ba cheart béim níos mó a leagan ní hamháin ar luachanna agus beartais lena gcuirtear chun cinn an obair mar a bhaineann sí le feabhas a chur ar cháilíocht saoil daoine óga iad féin, ach ar rannchuidiú freisin le folláine ghinearálta na sochaí agus na timpeallachta fisicí ina maireann siad freisin. Sa chomhthéacs sin, ba cheart go mbeadh an fhorbairt inbhuanaithe mar bhonn faoi aon chur chuige i leith thodhchaí na hoibre.

16. Tá gá leanúnach le rochtain chomhionann a bheith ag daoine óga ar phoist ar ardchaighdeán sa todhchaí a chur chun cinn, agus le bearta a ghlacadh in aghaidh gach cineál steiréitíopála a imríonn tionchar ar uaillmhianta leanaí an lae inniu maidir le poist agus a chuireann teorainn ar rochtain ar phoist áirithe, agus a bhuanaíonn ag an am céanna an t-idirdhealú agus an neamhionannas san oideachas agus oiliúint, agus sa mhargadh saothair chomh maith.

17. Sa bhreis ar scileanna a fhorbairt, imríonn obair don óige tionchar dearfach ar shaol daoine óga, go háirithe iadsan ar lú a ndeiseanna, lena n-áirítear i gcomhthéacs saincheisteanna meabhairshláinte nó mothúchánacha a bhfuil baint acu le dífhostaíocht nó le céim siar sa phróiseas cuardaithe poist.

*IARRANN AR NA BALLSTÁIT, I gCOMHRÉIR LE PRIONSABAL NA COIMHDEACHTA AGUS AR NA LEIBHÉIL IOMCHUÍ, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH*

18. Aird ar leith a thabhairt ar dhaoine óga atá i mbaol a n-imeallaithe nó a n-idirdhealaithe ar bhonn ábhar amhail a mbunadh eitneach, inscne, gnéaschlaonadh, míchumas, reiligiún, creideamh nó tuairim pholaitiúil, chun a áirithiú go gcuimseofar gach duine óg sna margaí saothair amach anseo.

19. Tacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme iomlán an mholta maidir leis an Ráthaíocht don Aos Óg, ag cur san áireamh ag an am céanna cúinsí, beartais agus bearta náisiúnta de réir mar is iomchuí.

20. Más gá, athchóirithe ar earnálacha an oideachais agus na hoiliúna, idir earnálacha foirmiúla agus neamhfhoirmiúla araon, a chur chun cinn agus tús áite a thabhairt dóibh, ag díriú ar inniúlachtaí lárnacha a fhorbairt agus a bhailíochtú, inniúlachtaí a ghnóthaigh daoine óga i gcomhthéacsanna éagsúla foghlama, bíodh sé i suíomh oideachais, le linn dóibh obair dheonach a dhéanamh, i gcomhthéacs oiliúna nó poist, chun meaitseáil na n-inniúlachtaí sin leis an margadh saothair agus leis an éileamh ar lucht saothair sa todhchaí á éascú.

21. An comhar a fheabhsú agus é mar aidhm fhoriomlán an ceart ag gach leanbh agus gach duine óg ar oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil ionchuimsitheach agus ar ardchaighdeán a chomhlíonadh, a mhéid a bhaineann go sonrach le luathfhágáil scoile a laghdú agus deiseanna rochtana comhionainne ar oideachas agus obair a mhéadú do gach duine óg, lena n-áirítear iadsan a théann in éineacht lena dteaghlach a athlonnaíonn go Ballstát eile chun críocha oibre[10].

22. Dóthain spáis a thabhairt d'ábhair a bhaineann leis an bhfostaíocht le linn comhairliúcháin le daoine óga laistigh agus/nó lasmuigh de phróisis Idirphlé Óige an Aontais, d'fhonn tuiscint níos fearr a fháil ar a n-ábhair imní, a n-ábhair spéise, a n-ionchais agus a gcumais. Tá sé chomh tábhachtach céanna go mbeidh rochtain ag daoine óga, lucht déanta beartais agus fostóirí ar thorthaí na gcomhairliúchán sin chun bearta leantacha a áirithiú.

23. Fiontraíocht i measc an aosa óig a chur chun cinn, ag díriú *inter alia* ar oideachas agus oiliúint fiontraíochta, seirbhísí comhairle, meantóireachta nó cóitseála do dhaoine óga agus, i gcás inarb iomchuí, ar ghníomhaíochtaí ábhartha oibre don óige. Measann daoine óga go bhfuil an fhiontraíocht shóisialta agus ionchuimsitheach ina malairtí inmharthana ar fhostaíocht do dhaoine óga agus, ar an gcuma sin, cuirtear gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta chun cinn.

24. Úsáid acmhainní a chur chun cinn, ar acmhainní iad a chuirtear ar fáil faoi na cláir/cistí seo a leanas: Ciste Sóisialta na hEorpa, Clár an Aontais Eorpaigh um Athrú Sóisialta agus um Nuálaíocht Shóisialta, an Tionscnamh Fostaíochta don Aos Óg, Erasmus + nó an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach agus na cláir a thiocfaidh i gcomharbas orthu. I gcás inarb iomchuí sa chomhthéacs seo, treoir a thabhairt do thairbhithe féideartha maidir leis an gcaoi is fearr le húsáid a bhaint as sineirgí agus comhlántachtaí idir na cláir sin.

25. I gcás inarb ábhartha, úsáid a bhaint as ionstraimí beartais óige an Aontais amhail an Vicí don Óige nó pleanálaithe gníomhaíochtaí náisiúnta sa todhchaí agus gníomhaíochtaí foghlama frithpháirtí chun dea-chleachtais a mhalartú agus é mar aidhm réitigh bheartais nithiúla a chothú i gcomhthéacs an aistrithe chun oibre ag daoine óga sa todhchaí.

---

**10** Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, Caibidil I, Prionsabal 1 (Oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil) (féach fonóta 4)

26. Tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí óige agus do ghníomhaithe ábhartha eile agus iad i mbun daoine óga a ullmhú le páirt éifeachtach a ghlacadh i bpróisis idirphlé óige agus a bheith ina dtairbhithe ag an obair don óige.

27. Leanúint de thacaíocht a thabhairt do dhaoine óga i gcásanna ina bhféadfaidís a bheith ina n-ábhar don steiréitíopáil glúine de dheasca na dífhostaíochta, ionchais fostaíochta nó roghanna gairme/oideachais.

28. Cur chuige beartais trasearnála a chur chun cinn maidir le saincheisteanna a bhaineann le fostaíocht le haghaidh daoine óga, ar an leibhéal náisiúnta agus Eorpach araon agus sa chreat comhair idir na Ballstáit.

29. I bhfianaise cúinsí náisiúnta, rochtain daoine óga ar chosaint shóisialta a fheabhsú trí fheabhas a chur ar acmhainneacht na gcóras cosanta sóisialta dul in oiriúint d'fhíor-ionchais fostaíochta daoine óga, trí riachtanais daoine óga nach bhfuil fostaithe a chur san áireamh.

*IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH*

30. An t-eispéireas dearfach leis na creat**aí** Europass**[11]** agus Youthpass[12] a fhorbairt a thuilleadh chun na scileanna agus na cáilíochtaí atá ag daoine aonair a aithint agus a chur in iúl, agus d'fhonn a bhfor-rochtain i measc Eorpaigh óga a mhéadú, go háirithe dóibh siúd ar lú a ndeiseanna, chun cabhrú leo a scileanna a chur ar taispeáint agus ceangal a dhéanamh le poist ábhartha.

31. Treoir a thabhairt do struchtúir bhainistíochta náisiúnta maidir le feasacht a ardú i measc tairbhithe féideartha faoi conas úsáid a bhaint as sineirgí agus comhlántachtaí agus deiseanna maoinithe an Aontais do dhaoine óga á gcur chun cinn acu.

32. Tús áite a thabhairt do chórais a chur i bhfeidhm a thacóidh le Prionsabal 1 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, is é sin go bhfuil "*an ceart ag cách ar oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil ionchuimsitheach agus ar ardchaighdeán chun na scileanna atá acu a choinneáil agus chun scileanna nua a fháil a chuirfidh ar a gcumas a bheith rannpháirteach go hiomlán sa tsochaí agus athruithe ó phost go post sa mhargadh saothair a bhainistiú go rathúil*"[13].

**11** https://europass.cedefop.europa.eu/
**12** https://www.youthpass.eu/en/
**13** Féach fonóta 10

33. Leanúint de níos mó taighde a dhéanamh, idir thaighde cáilíochtúil agus taighde cainníochtúil mar aon le taighde fianaise-bhunaithe, bunaithe ar shonraí atá imdhealaithe ó thaobh inscne de maidir leis an tsoghluaisteacht shóisialta ó ghlúin go glúin agus laistigh de ghlúine le béim ar leith ar dhaoine óga, chomh maith le níos mó taighde cháilíochtúil ar dhearcthaí agus ábhair imní daoine óga i ndáil le haistriú chun fostaíochta, d'fhonn tacú le héifeachtacht Bheartais Óige an Aontais maidir le saincheisteanna fostaíochta.

34. Gníomhaíochtaí nó imeachtaí foghlama frithpháirteacha le hionadaithe ón earnáil óige, ceardchumainn, eagraíochtaí gnó, agus ó rialtais, chun dul i ngleic, ó thaobh dearcadh trasearnálach de, lena n-áirítear beartas óige, leis na dúshláin agus na deiseanna a bheidh ag Eorpaigh óga sa todhchaí.

35. Na hionstraimí uile de chuid an Aontais a úsáid, lena n-áirítear Comhordaitheoir Óige an Aontais, a mhéid a bhaineann le treochtaí a imríonn tionchar ar chineál na hoibre, chun dearcadh an aosa óig a chomhtháthú sa cheapadh beartais trasearnálach ar leibhéal an Aontais agus comhar idir na Ballstáit a spreagadh.

*IARRANN AR EARNÁIL ÓIGE AN AONTAIS*[14]

36. Cur chuige gníomhach a ghlacadh maidir lena áirithiú go ndéanfar ionadaíocht ar dhaoine óga agus go mbeidh siad rannpháirteach in Idirphlé Óige an Aontais agus sna próisis idirphlé shóisialta, ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus an Bhallstáit agus ar leibhéil fonáisiúnta agus, ar an gcaoi sin, comhar láidir a chothú le húdaráis phoiblí agus le comhpháirtithe eacnamaíocha i ndáil le gnéithe a bhaineann le saol gairmiúil daoine óga.

[14] Is tagairt é "earnáil óige an Aontais" de ghnáth do na heagraíochtaí, oibrithe óige, acadúlaithe, an tsochaí shibhialta óige ar fad agus saineolaithe eile a bhfuil baint acu le beartas óige a fhorbairt agus a bhíonn i mbun gníomhaíochtaí agus tionscadail san Aontas atá ábhartha don óige.

37. Rannchuidiú leis an iarracht ar fheasacht a ardú i measc oibrithe óige maidir lena gcearta agus lena bhfreagrachtaí, a mhéid a bhaineann le ciapadh san ionad oibre agus gach cineál idirdhealaithe san áireamh, chun a ngníomhaíochtaí oideachais agus a n-oiliúint a chosaint i gcomhthéacs riachtanas oibre.

38. Faisnéis maidir leis an margadh saothair agus scileanna a chur san áireamh d'fhonn modhanna na hoibre don óige a fheabhsú go leanúnach, chun a héifeachtacht mar uirlis forbartha scileanna do dhaoine óga a mhéadú.

39. Gníomhaíochtaí oibre don óige a chur chun cinn i measc na ndaoine óga go léir, lena n-áirítear iadsan atá i mbaol a n-imeallaithe sa mhargadh saothair de dheasca bochtaineachta agus eisiamh sóisialta.

40. Dul i dteagmháil leis na páirtithe leasmhara ábhartha chun comhpháirtíochtaí a bhunú ar an leibhéal náisiúnta agus rannchuidiú dá réir sin le cur chun feidhme na Ráthaíochta don Aos Óg.

41. Deiseanna atá ar fáil ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a thapú chun cáilíocht na ndeiseanna oibre do dhaoine óga teacht ar an bhfostaíocht a fheabhsú.

Agus na Conclúidí seo á nglacadh aici, meabhraíonn an Chomhairle go háirithe an Rún, na Conclúidí agus na Moltaí seo a leanas:

1. Moladh ón gComhairle maidir le Ráthaíocht don Aos Óg a Bhunú[15]
2. Rún ón gComhairle maidir le creat don chomhar Eorpach i réimse na hóige: Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027[16]
3. Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ról atá ag daoine óga i dtaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin dhéimeagrafacha laistigh den Aontas Eorpach[17]
4. Conclúidí ón gComhairle maidir le todhchaí na hoibre: cur chuige saolré[18]
5. Conclúidí ón gComhairle maidir le Todhchaí na hOibre: An ríomhobair a éascú[19]
6. Conclúidí ón gComhairle maidir le ról na hoibre don óige chun tacú le daoine óga scileanna riachtanacha saoil a fhorbairt, ionas gur fusa dóibh an t-aistriú chuig saol an duine fhásta, chuig an tsaoránacht ghníomhach agus chuig saol na hoibre[20]
7. Conclúidí ón gComhairle maidir le hobair óige chliste[21]
8. Moladh ón gComhairle maidir le hinniúlachtaí lárnacha don fhoghlaim ar feadh an tsaoil[22]
9. Moladh ón gComhairle maidir le céimithe a rianú[23]
10. Moladh ón gComhairle maidir leis an bhfoghlaim sheachfhoirmiúil agus an fhoghlaim neamhfhoirmiúil a bhailíochtú[24]
11. Conclúidí ón gComhairle maidir le dul chun cinn i dtreo fís de Limistéar Eorpach Oideachais[25]
12. Moladh ón gComhairle maidir le rochtain d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe ar chosaint shóisialta[26]
13. Conclúidí ón gComhairle maidir le fiontraíocht na hóige a chur chun cinn chun cuimsiú sóisialta daoine óga a chothú[27]

---

[15] IO 2013/C 120/01
[16] IO 2018/C 456/01
[17] IO 2018/C 196/04
[18] 10134/18
[19] 15506/17
[20] IO 2017/C 189/06
[21] IO 2017/C 418/02
[22] IO 2018/C 189/01
[23] IO 2017/C 423/01
[24] IO 2012/C 398/01
[25] IO 2018/C 195/04
[26] 10134/18
[27] IO 2014/C 183/04